AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.1.2024
COM(2024) 12 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Úsáid na mbeart géarchéime arna nglacadh de bhun Airteagail 219 go 222 de Rialachán CEM**

GA GA

## 1. Réamhrá

Faoi Airteagal 225(db) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (Rialachán CEM)[1] ní mór don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Nollaig 2023 maidir le húsáid beart géarchéime, agus go háirithe na bearta eisceachtúla arna nglacadh de bhun Airteagail 219-222 de Rialachán CEM (CEM).

Cumhdaítear leis an tuarascáil reatha seo rialacháin na mbeart eisceachtúil arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagail 219-222 CEM ón 1 Eanáir 2014 go dtí deireadh 2023.

Le hIarscríbhinn 1 a ghabhann leis an tuarascáil seo soláthraítear an liosta de na rialacháin ar fad. Soláthraítear le hIarscríbhinn 2 faisnéis maidir le caiteachas bliantúil comhiomlánaithe an Aontais in aghaidh an bhirt go dtí deireadh na bliana airgeadais 2023 (an 15 Deireadh Fómhair 2023).

## 2. Na cineálacha beart eisceachtúil faoi Rialachán CEM

### 2.1 Réamhrá

Is é 'Bearta eisceachtúla' is teideal do Chuid V, Caibidil I CEM (Airteagail 219 go 222). Cumhachtaítear an Coimisiún leis na hAirteagail chun bearta margaidh eisceachtúla a ghlacadh i gcás na nithe seo a leanas:

- suaitheadh sa mhargadh (Airteagal 219);
- galair ainmhithe, lotnaidí plandaí, agus caillteanas muiníne tomhaltóirí i ngeall ar bhaol sláinte don phobal, d'ainmhithe nó do phlandaí (Airteagal 220);
- fadhbanna sonracha (Airteagal 221);
- míchothromaíocht thromchúiseach sna margaí (Airteagal 222).

Léirítear leis na forálacha sin an gá atá ann – i gcomhthéacs threocht margaidh prionsabálta an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) – aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, ar minic iad tobann agus nach féidir iad a thuar, a bhíonn ann mar gheall ar imthosca a d'fhéadfadh teacht chun cinn go heisceachtúil sna margaí talmhaíochta amhail éagobhsaíocht sa mhargadh, luaineacht praghsanna, nó iarmhairtí srianta atá nasctha le sláinte ainmhithe agus plandaí.

Is féidir breathnú ar na bearta eisceachtúla dá bhrí sin i ndáil leis na huirlisí coisctheacha agus bainistithe riosca atá ar fáil d'fheirmeoirí an Aontais in CBT agus i mbeartais náisiúnta.

Bíonn rioscaí ag baint le táirgeadh talmhaíochta de bharr a nádúir. Bíonn tionchar ar tháirgeachtaí, cáilíocht táirge agus praghsanna a bhaineann leo ag roinnt mhaith tosca seachtracha lena mbíonn tionchair ghearrthéarmacha, mar shampla an aimsir agus tosca comhshaoil nó sláintíochta eile (amhail galair ainmhithe agus lotnaidí plandaí). Tá táirgeadh talmhaíochta faoi réir rioscaí a eascraíonn as forbairtí i margaí talmhaíochta, suaití trádála nó teagmhais gheopholaitiúla freisin. Treisítear na rioscaí sin de bharr chineál na gcinntí táirgthe, lena n-áirítear infheistíochtaí, nach mór a dhéanamh go minic ar bhonn dearcadh meántéarmach agus fadtéarmach. Anuas air sin, i roinnt córais táirgthe (e.g. táirgeadh ainmhithe), ní féidir coigeartuithe tapa a dhéanamh.

Is féidir cuid de na rioscaí sin a aicmiú mar ghnáthrioscaí nó mar rioscaí indíolta, agus is féidir iad a bhainistiú ar an bhfeirm í féin, nó trí uirlisí margaidh nó ionstraimí comhroinnte

[1] Rialachán (AE) 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle, IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

riosca príobháideacha (amhail árachas). Is féidir le rioscaí eile a bheith sistéamach/tubaisteach agus d'fhéadfadh costais chomh hard sin teacht uathu nach mbeadh uirlisí bainistithe riosca príobháideacha leordhóthanach (mar shampla, d'fhéadfaí nach mbeadh cuideachtaí árachais toilteanach cumhdach a sholáthar ar phréimheanna réasúnta)[2]. Le linn géarchéimeanna sa mhargadh, d'fhéadfadh gá a bheith ann le gníomhaíocht phoiblí shonrach agus eisceachtúil dá bhrí sin.

Maidir leis na bearta idirghabhála eile sa mhargadh dá ndéantar foráil faoi Rialachán CEM (go háirithe idirghabháil phoiblí agus cabhair stórála príobháidí (PSA)[3]) arb é is aidhm dóibh praghsanna a chobhsú le haghaidh feirmeoirí, chomh maith leis na forálacha chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú trí idirghabhálacha earnála a fhéadfar a chlársceidealú sna pleananna straitéiseacha CBT (mar shampla in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí), tá bearta eisceachtúla sa bhreis ar na bearta idirghabhála agus forálacha sin agus comhlántach leo.

Bíonn bearta eisceachtúla sealadach agus glactar iad a mhéid is gá agus ar feadh an ama is gá chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhíonn ann.

Soiléirítear le haithrisí na rialachán ón gCoimisiún atá bunaithe ar Airteagail 219-222 CEM an réasúnaíocht leis an mbeart eisceachtúil a ghlacadh, bunaithe ar mheasúnú oibiachtúil ar staid an mhargaidh.

**2.2 Gnéithe buiséadacha**

Roimh 2023, d'fhéadfaí bearta eisceachtúla lena mbaineann tacaíocht airgeadais a chistiú trí acmhainní airgeadais a úsáid faoin 'cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta' (Airteagal 25 de Rialachán Cothrománach CBT a bhí ann roimhe seo[4]; Airteagal 226 CEM), a maoiníodh trí 'smacht airgeadais' a chur i bhfeidhm. Tugadh le fios leis an sásra maoiniúcháin, dá gcuirfí an cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta i ngníomh, go ndéanfaí gearrthacha comhfhreagracha in íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí agus ceanglaíodh lena úsáid cinneadh aistrithe ón gComhairle agus Parlaimint na hEorpa. Níor úsáideadh an cúlchiste sin riamh go dtí mí an Mhárta 2022, nuair a glacadh cabhair choigeartúcháin eisceachtúil do tháirgeoirí a raibh tionchar ag iarmhairtí an chogaidh san Úcráin orthu. EUR 500 milliún a bhí sa phacáiste tacaíochta, agus as sin maoiníodh EUR 350 milliún ó chúlchiste géarchéime 2022. Roimhe seo, i ngach cás eile, cuireadh cistiú le haghaidh bearta eisceachtúla ar fáil ó acmhainní eile a bhí ar fáil faoi fho-uasteorainn an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), gan an cúlchiste géarchéime a chur i ngníomh.

Ó 2023 amach, agus i gcomhréir le forálacha Rialachán Cothrománach CBT nua[5], bunaíodh cúlchiste talmhaíochta EUR 450 milliún ar a laghad agus bunófar é ag tús gach bliana sa tréimhse 2023-2027[6]. Féadfar méid níos airde a shocrú i mbuiséad an Aontais.

---

[2] Féach Tuarascáil Thascfhórsa na Margaí Talmhaíochta (2018).
[3] Airteagail 8 go 21 de Rialachán CEM.
[4] Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle, IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.
[5] Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.
[6] Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2021/2116.

Déantar an méid le haghaidh an chúlchiste talmhaíochta a iontráil go díreach i mbuiséad an Aontais, rud a dhéanann go mbíonn cistí ón gcúlchiste ar fáil go díreach. Maoineofar bearta eisceachtúla ón gcúlchiste sin (in éineacht le bearta idirghabhála sa mhargadh). Bunaítear an cúlchiste talmhaíochta ar dtús trí úsáid na n-acmhainní atá ar fáil agus atá fágtha ó chúlchiste na bliana roimhe sin nár úsáideadh agus a tugadh anonn, agus ansin acmhainní atá ar fáil faoi fho-uasteorainn CERT agus, más gá, agus mar rogha dheireanach amháin, trí smacht airgeadais a chur i bhfeidhm.

Tá ceithre airteagal sa Chaibidil de Rialachán CEM ina ndéileáiltear le bearta eisceachtúla. Pléitear gach ceann de na hairteagail sin ar bhealach níos mionsonraithe sna foranna seo a leanas.

**2.3 Airteagal 219**

Le hAirteagal 219 cuirtear ar a chumas don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, na bearta a bhfuil gá leo a ghlacadh, chun freagairt go héifeachtúil agus go héifeachtach do shuaití sa mhargadh agus bagairtí de shuaití den sórt sin, sna hearnálacha talmhaíochta uile a chumhdaítear le CEM[7]. Ar mhórchúiseanna práinne, is féidir gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun an nós imeachta práinne (Airteagal 228 CEM) agus a theacht i bhfeidhm gan mhoill ar choinníoll nach ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid.

Féadfaidh an Coimisiún na bearta sin a ghlacadh má thagann suaitheadh sa mhargadh nó bagairt ina leith chun cinn (go háirithe, ach ní go heisiach, mar gheall ar arduithe nó laghduithe praghsanna) ar dócha é a leanúint ar aghaidh nó a dhul in olcas. Féadfar na bearta sin a ghlacadh i gcás ina ndealraítear go bhfuil aon bheart eile atá le fáil faoi Rialachán CEM – amhail idirghabháil phoiblí nó PSA – neamh-leordhóthanach nó neamhoiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an staid[8]. Spriocdhírigh na bearta sin de ghnáth ar chásanna a eascraíonn as rósholáthar (easpa éilimh) ar laghduithe praghsanna is saintréith dóibh, ach cumhdaítear le dréachtú an Airteagail an staid mhalartach de ghanntanais agus arduithe praghsanna freisin.

Léirítear leis an socrú sin dul chun cinn na mbeart de réir a chéile a leagtar síos in CEM: ní mór a fheiceáil go cinnte nach leordhóthanach iad na huirlisí idirghabhála margaidh (idirghabháil phoiblí agus PSA) agus ionstraimí eile atá ar fáil faoi Rialachán CMO sula nglacfar bearta eisceachtúla. Chuige sin, soiléirítear le gach beart a glacadh, mar is ábhartha, an chúis nár tugadh aghaidh le húsáid na mbeart atá ar fáil faoi CEM ar an suaitheadh sa mhargadh, nó an chúis nár leordhóthanach iad chun aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh sa mhargadh.

Féadfaidh na bearta i gceist, a mhéid is gá agus don tréimhse is gá, aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh sa mhargadh nó ar an mbagairt ina leith, raon feidhme, fad nó gnéithe eile de bhearta eile a leagtar síos i Rialachán CEM a leathnú nó a leasú, agus foráil a dhéanamh freisin maidir le bearta iomlán nua, lena n-áirítear cabhair eisceachtúil a sholáthar d'earnáil amháin nó níos mó, agus do thír amháin nó níos mó.

---

[7] Féach Airteagal 1 (2) agus Iarscríbhinn I CEM.

[8] Tugadh an tagairt do chineál 'neamhoiriúnach' beart margaidh CEM eile isteach leis an athchóiriú CBT is déanaí, Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, IO L 435, 6.12.2021, lch. 262.

Soiléirítear na gnéithe seo a leanas leis na bearta eisceachtúla uile lena ndeonaítear cabhair eisceachtúil.

i) Leagtar amach iontu cé na tíortha atá incháilithe agus an bonn atá ann chun imchlúdaigh chabhrach a leithdháileadh eatarthu.
ii) Soiléirítear leo gur cheart do dháileadh cabhrach ag na Ballstáit spriocdhíriú ar na táirgeoirí sin is mó a ndearna an suaitheadh sa mhargadh i gceist difear dóibh. Chun suaití sa mhargadh a mhaolú, de réir loighic choimhdeachta, is minic go mbíonn sé níos fearr do na Ballstáit anailís a dhéanamh ar na feirmeoirí agus na hearnálacha a theastaíonn tacaíocht uathu sna cásanna éagsúla margaidh. Ina theannta sin, ba cheart cabhair a dháileadh ar bhonn critéir oibiachtúla agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, chun aon saincheist mhargaidh nó iomaíochta a sheachaint.
iii) Leagtar amach iontu cé acu is féidir nó nach féidir leis na Ballstáit tacaíocht bhreise (breisiú) a dheonú faoi na coinníollacha céanna maidir le hoibiachtúlacht, neamh-idirdhealú agus neamhshaobhadh iomaíochta. Tá údar le breisithe den sórt sin, nach ndéantar difear dóibh le rialacha maidir leis an Státchabhair, toisc nach dtugtar leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit is tairbhithe cúiteamh ach go páirteach as na caillteanais iarbhír a bhain do na táirgeoirí.
iv) Soiléirítear leo conas a nascann an chabhair eisceachtúil le cúnamh airgeadais an Aontais a dheonaítear faoi ionstraimí eile, agus cé acu is féidir nó nach féidir cabhair eisceachtúil a charnadh le tacaíocht airgeadais den sórt sin.
v) Ceanglaítear leo ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na nithe seo a leanas: (i) na critéir oibiachtúla arna n-úsáid chun an tacaíocht a spriocdhíriú; (ii) conas a sheachain siad aon saobhadh iomaíochta; (iii) na méideanna iomlána a íocadh; (iv) an líon agus an cineál tairbhithe; agus (v) measúnú ar éifeachtacht na mbeart a glacadh. Ó 2015 i leith, ní mór na bearta nithiúla a glacadh, na tionchair bheartaithe, agus na breisithe breise a thuairisciú freisin.

### 2.4 Airteagal 220

Le hAirteagal 220 cuirtear ar a chumas don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme agus, arna iarraidh sin do Bhallstát agus bunaithe ar mheasúnú maidir le substaint, bearta eisceachtúla a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar thionchair mhargaidh na mbeart a glacadh ar an leibhéal náisiúnta chun leathadh galar ainmhithe agus lotnaidí plandaí a chomhrac[9]. Leis an measúnú déantar meastóireacht ar fhianaise gur ghlac na Ballstáit lena mbaineann bearta sláinte, tréidliachta agus fíteashláintíochta go tapa chun deireadh a chur leis an ngalar; nó chun faireachán a dhéanamh ar an lotnaid plandaí, í a smachtú a dhíothú nó a shrianadh. Féadfar le bearta Airteagal 220 aghaidh a thabhairt freisin ar shuaití tromchúiseacha margaidh atá inchurtha go díreach i leith caillteanais mhuiníne tomhaltóirí i ngeall ar rioscaí sláinte don phobal, d'ainmhithe nó do phlandaí.

Foráiltear bonn dlíthiúil le hAirteagal 220 chun táirgeoirí a chúiteamh, ar a raibh tionchar ag na héifeachtaí indíreacha de shrianta trádála nó caillteanas muiníne tomhaltóirí nach bhfuil incháilithe do ranníocaíochtaí airgeadais an Aontais laistigh de na bearta sláinte agus tréidliachta maidir le cosc agus rialú dá bhforáiltear faoi reachtaíocht an Aontais[10]. Ní mór an

[9] Tugadh isteach lotnaidí plandaí, agus an tagairt do na rialuithe fíteashláintíochta gaolmhara, leis an athchóiriú deireanach CBT, Rialachán 2021/2117. Ní bhaineann lotnaidí plandaí ach le torthaí agus glasraí.

[10] Féach Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistíocht caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí, IO L 189, 27.6.2014, lch. 1. Aisghaireadh an Rialachán le Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair

cúiteamh sin a bheith cómhaoinithe ag an mBallstát ábhartha. Cuireann an tAontas páirtmhaoiniú ar fáil atá coibhéiseach le 50 % den chaiteachas arna thabhú ag na Ballstáit (60 % as galar crúb agus béil a chomhrac).

Liostaítear le hAirteagal 220 na hearnálacha dar féidir tionchair na mbeart, lena gcuirtear srian ar thrádáil, a chúiteamh.

Ceanglaítear le scéimeanna tacaíochta a glacadh de bhun Airteagal 220 ar na Ballstáit seiceálacha riaracháin agus ar an láthair a dhéanamh, agus na seiceálacha sin a dhoiciméadú go cuí.

**2.5 Airteagal 221**

Le hAirteagal 221 cuirtear ar a chumas don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta éigeandála a ghlacadh chun fadhbanna sonracha a réiteach, i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha chun bearta a ghlacadh faoi Airteagal 219 nó Airteagal 220.

Ní cheanglaítear leis na bearta sin suaitheadh sa mhargadh a bheith ann cheana nó bagairt ina leith. D’fhéadfadh an ‘fadhb shonrach’ a bhfuil aghaidh le tabhairt uirthi a bheith, dá bhrí sin, i gcúis eile lena gcoisctear cuspóirí CBT a bhaint amach. Ní fhéadfaidh na bearta sin maolú ar fhorálacha de Rialachán CEM ach a mhéid a bhfuil fíorghá leis, agus go ceann tréimhse a bhfuil fíorghá léi, agus in aon chás go ceann tréimhse nach faide ná 12 mhí.

Ar mhórchúiseanna práinne, i gcás ina bhféadfadh meath mear an cháis teacht as na himthosca, a mbeadh sé deacair aghaidh a thabhairt air ansin dá mbeadh moill ar na bearta, is féidir gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme a ghlacadh láithreach (Airteagal 229(3) CEM).

**2.6 Airteagal 222**

Ar deireadh, údaraítear le hAirteagal 222 CEM don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí (POnna), comhlachais POnna, nó eagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm comhaontuithe agus cinntí i ndáil le dlí na hiomaíochta arna ndéanamh ag feirmeoirí agus a gcomhlachais chun an margadh a chobhsú[11].

Tá na bearta bainistithe soláthair arna nglacadh ag oibreoirí príobháideacha beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí tromchúiseacha sa mhargadh. De ghnáth dícheadaítear le dlí na hiomaíochta comhaontuithe den sórt sin idir POnna mar go mbíonn éifeacht shriantach acu ar an iomaíocht.

Maidir leis na comhaontuithe agus na cinntí sin: (i) ba cheart dóibh a bheith bailí ar feadh 6 mhí ar a mhéad (ach féadfar síneadh a chur leo); (ii) níor cheart dóibh dochar a dhéanamh

---

bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, (AE) Uimh. 652/2014, IO L 153, 3.5.2021, lch. 1.

[11] Rinneadh na féidearthachtaí le haghaidh gníomhaíochtaí comhchoiteanna den sórt sin a leathnú chuig feirmeoirí agus a gcomhlachais le Rialachán (AE) 2017/2393 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 maidir le tacaíocht d’fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, (AE) Uimh. 1307/2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta, (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus (AE) Uimh. 652/2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí, IO L 350, 29.12.2017, lch. 15 (Rialachán Omnibus).

d'fheidhmiú cuí an mhargaidh aonair; (iii) ba cheart a bheith d'aidhm dhocht acu an earnáil lena mbaineann a chobhsú; agus (iv) ba cheart dóibh teacht faoi cheann amháin nó níos mó de na catagóirí sonracha gníomhaíochtaí comhchoiteanna mar a áirítear san Airteagal. Go dtí 2017, níorbh fhéidir na bearta sin a ghlacadh ach amháin dá mba rud é gur glacadh bearta margaidh nó bearta eisceachtúla le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann cheana féin, mar rogha dheiridh. Ó shin i leith (agus ó Rialachán Athchóirithe Omnibus[12]), is féidir leo gníomhaíocht an Aontais faoi na forálacha eile a chomhlánú gan feidhm a bheith ag réamhchoinníoll den sórt sin.

Is fiú a lua nach dtugann Airteagal 222 le tuiscint cur in úsáid cistiú ón Aontas.

## 3. Bearta eisceachtúla a úsáid (trí ghéarchéim)

Ón 1 Eanáir 2014 go dtí deireadh 2023, glacadh 63 bheart eisceachtúla de bhun Airteagail 219-222 CEM. Tuairiscítear na bearta thíos i ndáil leis an ngéarchéim nó staid shonrach lena spreagtar a nglacadh[13].

Glacadh an chuid is mó de na bearta faoi Airteagal 219 (32 ghníomh), agus ina dhiaidh sin 14 ghníomh faoi Airteagal 220, 11 ghníomh faoi Airteagal 221 agus 6 ghníomh faoi Airteagal 222.

Liostaítear na bearta uile in Iarscríbhinn 1. Soláthraítear faisnéis ar fhorghníomhú na mbeart go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2023 in Iarscríbhinn 2 freisin.

### 3.1 Toirmeasc na Rúise ar allmhairí, comhcheangailte le míchothromaíochtaí idir an soláthar agus an t-éileamh

Mar fhrithbheart in aghaidh na smachtbhannaí arna bhforchur ag an Aontas i ndiaidh ionghabháil na Crimé ag an Rúis in earrach 2014, thug rialtas na Rúise toirmeasc isteach ar allmhairí táirgí áirithe talmhaíochta ón Aontas Eorpach. Áiríodh sa toirmeasc, a tháinig i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2014, táirgí amhail bainne agus táirgí déiríochta, táirgí beostoic, agus torthaí agus glasraí úra. An toirmeasc tosaigh, ar cuireadh síneadh leis ina dhiaidh sin, bhí impleachtaí suntasacha aige ar onnmhaireoirí an Aontais de na táirgí talmhaíochta atá buailte toisc go ndearnadh a rochtain ar mhargadh na Rúise a theorannú.

*3.1.1 Torthaí agus glasraí*

Mar gheall ar thoirmeasc na Rúise ar allmhairí an Aontais, bhí laghduithe suntasacha praghsanna in earnáil torthaí agus glasraí an Aontais toisc nach raibh fáil ar cheann dá mhargaí onnmhairíochta is mó go tobann, rud a d'fhág go raibh rósholáthar san Aontas.

Bhí an bhagairt go mbeadh suaitheadh sa mhargadh práinneach, go háirithe don earnáil sin mar tharla sé gan choinne ag tréimhse na buainte, nuair a fágadh feirmeoirí le cainníochtaí móra táirgí buainte agus iad iontach meatach agus féidearthachtaí stórála teoranta acu. Ina theannta sin, níor aimsíodh margaí onnmhairíochta malartacha do roinnt cineálacha táirgí go tapa, ar táirgí iad a bhí dírithe ar an Rúis go príomha. Maidir le péitseoga agus neachtairíní, tharla an toirmeasc an tráth céanna a bhí leibhéal ard soláthair mar gheall ar dhálaí aimsire in 2014. Ós rud é go bhfuil táirgeadh torthaí agus glasraí dothuartha agus go bhfuil na táirgí meatach, féadfaidh barrachais bheaga ar an margadh cur isteach go mór ar an margadh.

[12] Rialachán (AE) 2017/2393.
[13] Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil i roinnt gníomhartha ach leasuithe ar ghníomhartha a formheasadh roimhe, mar shampla síneadh a chur le fad na mbeart, a raon feidhme a leathnú chuig tairbhithe breise, etc.

Chun cur isteach as cuimse ar an margadh a chosc agus laghdú ar phraghsanna a mhaolú, glacadh dhá bheart. Méadaíodh le beart d'Airteagal 219 an 21 Lúnasa 2014 na méideanna péitseoga agus neachtairíní incháilithe d'aistarraingtí tacaithe ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce ag POnna[14]. Ceadaítear leis freisin cúnamh airgeadais an Aontais a dheonú do tháirgeoirí nár comhaltaí de POnna iad agus tacaíocht bhreise do ghníomhaíochtaí cur chun cinn le haghaidh POnna ó na ceithre phríomhthír táirgthe, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc agus an Iodáil, ar uasmhéid EUR 3 mhilliún[15].

Leathnaíodh an Rialachán le dara beart d'Airteagal 219 dar dáta an 29 Lúnasa 2014 chun torthaí agus glasraí eile, dá ndéantar difear le caillteanas margaí onnmhairíochta, a chumhdach. Leithdháileadh leis EUR 125 mhilliún (a raibh EUR 82 mhilliún de ann le haghaidh úll agus piorraí agus EUR 43 mhilliún ann le haghaidh torthaí agus glasraí eile) chun cúnamh airgeadais a dheonú le haghaidh méideanna níos airde aistarraingtí ón margadh, le haghaidh glasbhuainte agus le haghaidh oibríochtaí gan bhuaint i gcomhair táirgeoirí a bhí ina gcomhaltaí agus táirgeoirí nach raibh ina gcomhaltaí de POnna, suas le cainníochtaí sonracha táirgí (a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis)[16].

Cuireadh fad leis na bearta eisceachtúla sin agus forlíonadh iad, lena n-áirítear an raon feidhme a leathnú chun oráistí, cleimintíní, mandairíní agus líomóidí[17] a chumhdach.

I mí Eanáir 2016, leathnaíodh toirmeasc na Rúise ar allmhairí talmhaíochta chun allmhairí táirgí talmhaíochta ón Tuirc a chumhdach. Toisc go raibh an Tuirc ina mór-onnmhaireoir torthaí agus glasraí chuig an Rúis, ba shuntasach an bhagairt í i ndáil le suaitheadh i margadh an Aontais mar gheall ar éifeachtaí sraonaidh trádála. I mí an Mheithimh 2016, tugadh isteach beart nua faoi Airteagal 219, lena ndearnadh na bearta a bhí ann cheana a oiriúnú agus a raon feidhme a leathnú chun táirgí eile a chumhdach. Áiríodh leis an mbeart teorainneacha uaschainníochta maidir le táirgí a bheadh incháilithe do chúnamh airgeadais in aghaidh an Bhallstáit táirgthe[18]. I mí an Mhárta 2017, athdháileadh cainníochtaí leithdháilte neamhúsáidte idir na Ballstáit táirgthe trí bhíthin gníomh tarmligthe nua[19].

Le faireachán tráthrialta ar mhargadh an Aontais ina dhiaidh sin, nochtadh feabhas le haghaidh barra neamhbhuana (glasraí agus roinnt torthaí) as a dtáinig coigeartú ar na bearta a bhí ann. I mí Aibreáin 2017, laghdaíodh le beart d'Airteagal 219 an líon táirgí agus na huaschainníochtaí a bhí incháilithe do thacaíocht[20]. Mar sin féin, mar gheall ar leibhéil arda táirgeachta agus stoc-chairn péitseoga agus neachtairíní i roinnt Ballstát, agus mar gheall freisin ar thabhairt isteach beart sláintíochta agus fíteashláintíochta ag cinn scríbe onnmhairiúcháin mhalartacha amhail an Bhealarúis, glacadh beart nua d'Airteagal 219 i mí

[14] Athraíodh le himeacht ama an bunús dlí le haghaidh bearta bainistithe géarchéime (amhail aistarraingtí ón margadh, glasbhuaint agus gan bhuaint) ar féidir leis an Aontas tacú leo faoi na cláir oibríochtúla le haghaidh glasraí agus torthaí, ó Rialachán CEM 1308/2013 (Airteagail 33-34) go dtí Rialachán na bPleananna Straitéiseacha CBT (Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013, IO L 435, 6.12.2021, lch. 1). Ó bhí 2021 ann, rialaítear an raon feidhme, fad agus gnéithe eile d'idirghabhálacha earnála san earnáil torthaí agus glasraí le Rialachán na bPleananna Straitéiseacha CBT (Airteagal 42 ff.).

[15] IO L 248, 22.8.2014, lch. 1.

[16] IO L 259, 30.8.2014, lch. 2.

[17] IO L 284, 30.9.2014, lch. 22; IO L 366, 20.12.2014, lch. 20; IO L 211, 8.8.2015, lch. 17.

[18] IO L 154, 11.6.2016, lch. 3.

[19] IO L 58, 4.3.2017, lch. 8.

[20] IO L 170, 1.7.2017, lch. 31.

Mheán Fómhair 2017. Leis an ngníomh nua sin méadaíodh na huaschainníochtaí péitseoga agus neachtairíní a bheadh incháilithe do thacaíocht i gcás na Gréige, na Spáinne agus na hIodáile[21].

De thoradh na mbeart sin uile, eisíocadh lánsuim de bhreis agus EUR 500 milliún go dtí 2018, lenar ceadaíodh beagnach 1.8 milliún tona de thorthaí agus glasraí úra a tharraingt siar ón margadh.

*3.1.2 Bainne agus táirgí déiríochta*

De thoradh thoirmeasc na Rúise ar allmhairí ón Aontas, bhí bagairt ann ar dtús go mbeadh suaitheadh sa mhargadh, agus ina dhiaidh sin suaitheadh margaidh iarbhír sa mhargadh déiríochta, lena ngabhfadh laghduithe suntasacha praghsanna. Bhí an staid sin ann in éineacht le himthosca eile amhail an moilliú ar allmhairí ón tSín (an margadh allmhairiúcháin domhanda is mó), praghsanna dearfacha agus dálaí aimsire as a dtáinig méadú ar an soláthar domhanda bainne. Bhí míchothromaíocht ar fud an domhain idir an soláthar agus an t-éileamh in earnáil an bhainne agus laghdú suntasach ar phraghsanna bainne agus táirgí déiríochta de bharr éifeacht chomhcheangailte na n-imthosca uile sin, chomh maith le fo-éifeachtaí diúltacha ar earnáil an bheostoic.

Chun cinnteacht a thabhairt don mhargadh, cuireadh síneadh roinnt uaireanta le tréimhse an chórais idirghabhála poiblí le haghaidh púdar bainne bhearrtha (SMP) agus le haghaidh ime (a mhair idir an 1 Márta agus an 30 Meán Fómhair de ghnáth) trí bhíthin bearta Airteagal 219[22].

Anuas ar chabhair le haghaidh stóráil phríobháideach chaighdeánach i gcomhair ime agus SMP, tugadh isteach scéim shealadach eisceachtúil cabhrach le haghaidh stóráil phríobháideach do gach cineál cáiseanna (gan bheith teoranta do cháiseanna a bhfuil tásc geografach faoi chosaint (TGFC) nó ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) orthu atá incháilithe do PSA faoi CEM) ag deireadh 2014[23] agus ag deireadh 2015[24].

Idir 2014 agus 2017, comhlánaíodh na bearta sin le scéimeanna tacaíochta airgeadais eisceachtúla le haghaidh earnáil an bhainne agus earnálacha beostoic eile.

Beart d'Airteagal 219 lenar tugadh chabhair eisceachtúil EUR 28.6 milliún do tháirgeoirí bainne san Eastóin, sa Laitvia agus sa Liotuáin (EUR 6.8 milliún, 7.7 milliún agus 14.1 milliún faoi seach), glacadh i mí na Samhna 2014 é. Ba é b'aidhm don bheart sin aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna leachtachta mar gheall ar chaillteanas comhpháirtí ollmhór trádála agus an laghdú ar phraghsanna bainne dá bharr sin. Bhraith na trí thír go mór ar onnmhairí chuig an Rúis, agus dhírigh a n-earnáil bhainne ar tháirgí nach gcumhdaítear le hidirghabháil phoiblí nó PSA[25]. I mí na Nollag 2014, leithdháileadh EUR 10.7 milliún ar an bhFionlainn ar chúiseanna comhchosúla[26]. Bhí an leithdháileadh cabhrach ar na ceithre thír bunaithe ar a leibhéil táirgeachta bainne faoi na cuótaí náisiúnta.

---

[21] IO L 233, 9.9.2017, lch. 1.

[22] IO L 265, 5.9.2014, lch. 21; IO L 360, 17.12.2014, lch. 13; IO L 242, 18.9.2015, lch. 28; IO L 242, 9.9.2016, lch. 15.

[23] IO L 265, 5.9.2014, lch. 22, a aisghaireadh go gairid ina dhiaidh sin toisc gur chosúil gur úsáid táirgeoirí cáise, as limistéir nár onnmhairigh cainníochtaí móra chuig an Rúis go traidisiúnta, an scéim ar bhealach díréireach (IO L 279, 23.9.2014, lch. 17).

[24] IO L 271, 16.10.2015, lch. 15, a leasaíodh ina dhiaidh sin chun uaschainníochtaí cáise neamhúsáidte a chur ar fáil do roinnt Ballstát (IO L 41, 18.2.2016, lch. 10).

[25] IO L 341, 27.11.2014, lch. 3.

[26] IO L 366, 20.12.2014, lch. 18.

I mí Dheireadh Fómhair 2015, ba mheasa fós an mhíchothromaíocht láidir idir an soláthar agus an t-éileamh in earnálacha an bhainne, na dtáirgí bainne agus na muiceola arna spreagadh ag toirmeasc na Rúise agus ag an bhfadú ina dhiaidh sin de bharr méadú ar chostais táirgthe in earnálacha beostoic eile mar gheall ar an triomach san Eoraip in 2015. Leis an meascán imthosca sin, glacadh beart d'Airteagal 219 lena ndeonaítear cabhair eisceachtúil d'fheirmeoirí in earnáil an bhainne agus in earnálacha beostoic eile sna Ballstáit uile den Aontas Eorpach ar shuim fhoriomlán EUR 420 milliún[27]. Ceadaíodh tacaíocht bhreise náisiúnta suas le 100 % – nach raibh faoi réir nósanna imeachta Státchabhrach.

Glacadh dhá bheart de bhun Airteagail 219 agus 222 faoi seach ina dhiaidh sin, i mí Aibreáin 2016. Leis an dá bheart sin údaraíodh comharchumainn agus cineálacha eile POnna, aitheanta agus neamhaitheanta araon, chun comhaontuithe a dhéanamh agus cinntí a dhéanamh maidir le táirgeadh bainne d'fhonn an margadh a chobhsú[28]. Cuireadh síneadh leis an mbeart deireanach i mí Mheán Fómhair mar gheall ar ráta íseal úsáide[29].

I mí Mheán Fómhair 2016, tugadh isteach dhá bheart nua d'Airteagal 219 chun aghaidh a thabhairt ar shuaití sa mhargadh in earnálacha an bhainne agus an bheostoic, a raibh tionchar orthu ag toirmeasc leantach na Rúise agus an mhíchothromaíocht mharthanach dhomhanda idir an soláthar agus an t-éileamh, agus chun cabhair eisceachtúil bhreise a sholáthar d'fheirmeoirí in earnálacha an bhainne agus an bheostoic.

Leis an gcéad bheart, bhí na Ballstáit in ann cabhair a dheonú bunaithe ar laghduithe deonacha ar sheachadtaí bainne bó chun méideanna táirgeachta a laghdú agus cuidiú a thabhairt chun an earnáil a chobhsú. Ba é b'aidhm don dara beart aghaidh a thabhairt ar shuaití sa mhargadh in earnálacha an bhainne, na muiceola, na mairteola, na laofheola, na caoireola agus na feola gabhair. Ag brath ar imthosca náisiúnta, rinne sé an méid seo a leanas: (i) cúiteamh d'fheirmeoirí, as na praghsanna bainne ísle, a cheadú; (ii) tacaíocht d'earnálacha na mairteola agus na laofheola a cheadú; agus (iii) aghaidh a thabhairt ar ráig d'fhiabhras Afracach na muc in earnálacha beostoic eile. Liostaíodh leis an ngníomh na gníomhaíochtaí a bhí incháilithe do thacaíocht, arbh é b'aidhm dóibh inbhuanaitheacht eacnamaíoch a chothú agus cur le cobhsú an mhargaidh. Ceanglaíodh ar na Ballstáit tuairisciú ar na bearta a glacadh agus údar a thabhairt leis an réasúnaíocht ba bhun le cabhair a leithdháileadh ar earnálacha beostoic seachas earnáil an bhainne. Leithdháileadh EUR 150 milliún chun cuidiú le táirgeadh bainne a laghdú, agus leithdháileadh EUR 350 milliún le haghaidh cabhair choigeartúcháin in earnálacha an bheostoic[30]. Ceadaíodh leis an gcabhair dheireanach sin tacaíocht bhreise náisiúnta suas le 100 %.

## 3.2 COVID-19

Le linn phaindéim COVID-19, tháinig laghdú tobann ar thomhaltas roinnt táirgí talmhaíochta agus bia mar gheall ar shrianta ar ghluaiseachtaí, infhaighteacht theoranta saothair, agus dúnadh sainordaitheach saoráidí fáilteachais agus lónadóireachta.

### *3.2.1 Bainne agus táirgí déiríochta*

Bhí laghdú ar an éileamh in earnáil an bhainne agus na déiríochta le linn na ndianghlasálacha in 2020. I mí Aibreáin 2020, osclaíodh bearta idirghabhála sa mhargadh faoi Rialachán CEM

[27] IO L 271, 16.10.2015, lch. 25.

[28] IO L 96, 12.4.2016, lch. 18; IO L 96, 12.4.2016, lch. 20. Léirítear leis an mbunús dlí éagsúil nach gcumhdaítear ach POnna aitheanta le hAirteagal 222; d'fhonn é a leathnú chun comharchumainn nach n-aithnítear iad mar Ponna a chumhdach, níor mhór beart d'Airteagal 219 a ghlacadh.

[29] IO L 242, 9.9.2016, lch. 17.

[30] IO L 242, 9.9.2016, lch. 4; IO L 242, 9.9.2016, lch. 10.

i bhfoirm PSA le haghaidh táirgí incháilithe (im, SMP). Ós rud é nach raibh an acmhainneacht ag táirgeoirí bainne amh próiseáilte a atreorú i dtáirgí arbh fhéidir a stóráil agus nach raibh chomh dian céanna ar shaothar, bhí beart d’Airteagal 219 ann in éineacht leis na bearta sin, lenar deonaíodh PSA do cháiseanna gan deimhniúcháin ATFC nó TGFC (nach raibh incháilithe do PSA faoi fhorálacha CEM), laistigh d’uasmhéideanna in aghaidh an Bhallstáit[31].

I gcomhthráth leis sin, i bhfianaise míchothromaíochtaí tromchúiseacha sa mhargadh idir an soláthar agus an t-éileamh san earnáil, glacadh beart d’Airteagal 222 freisin lenar ceadaíodh do POnna comhaontuithe a dhéanamh agus cinntí comhchoiteanna a ghlacadh maidir leis na méideanna de bhainne amh a tháirgfidís roimh thús an tséasúir táirgthe aird, ionas go ndéanfar an laghdú ar phraghsanna le haghaidh bainne agus táirgí bainne a fhrithchothromú[32].

*3.2.2 Torthaí, glasraí agus fíon*

Cuireadh isteach go mór ar earnálacha na dtorthaí, na nglasraí agus an fhíona san Aontas le dúnadh asraonta tábhachtacha (siopaí, bialanna) le haghaidh torthaí, glasraí agus fíona in éineacht le ganntanais oibrithe.

Maidir le hearnáil an fhíona, bhí tionchar diúltach imeartha cheana féin ag taraifí allmhairiúcháin 25 % (de réir luacha) ar allmhairí fíona an Aontais arna bhforchur ag na Stáit Aontaithe i mí Dheireadh Fómhair 2019. Bhí an cás níos measa mar gheall ar an bpaindéim, as a dtáinig deacrachtaí airgeadais do tháirgeoirí fíona.

I mí Aibreáin 2020, glacadh beart d’Airteagal 219 chun aghaidh a thabhairt ar shuaití sa mhargadh, a bhí ann de bharr COVID-19, in earnálacha na dtorthaí, na nglasraí agus an fhíona. Tugadh isteach leis an ngníomh maoluithe ar na rialacha CEM a bhí ann cheana maidir le cláir oibríochtúla agus tacaíochta[33].

Maidir le torthaí agus glasraí, baineadh teorainneacha caiteachais go sealadach i ndáil le bearta coiscthe géarchéime agus bearta bainistithe géarchéime sna cláir oibríochtúla.

Maidir le hearnáil an fhíona, d’fhonn barrachais a bhaint ón margadh a bhí ag laghdú praghsanna, cuireadh síneadh sealadach le cúnamh airgeadais faoi na scéimeanna tacaíochta chun driogadh fíona le haghaidh cuspóirí tionsclaíochta agus fuinnimh agus cabhair le haghaidh stóráil fíona le linn géarchéime araon a chumhdach. Leathnaíodh leis an mbeart freisin tacaíocht an Aontais do chistí frithpháirteacha táirgeoirí agus méadaíodh tairseacha leis le haghaidh ranníocaíochtaí airgeadais an Aontais do roinnt beart chun ranníocaíochtaí airgeadais dílse oibreoirí a laghdú agus feabhas a chur ar a sreabhadh airgid. Níor tháinig aon athrú ar an mbuiséad oibriúcháin le haghaidh cláir náisiúnta tacaíochta[34].

An tráth céanna, glacadh beart d’Airteagal 221 chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair sna fíonghoirt, rud a chuir síneadh leis na húdaruithe um plandú a bhí chun dul in éag in 2020, agus an sprioc-am maidir le grafadh i gcás athphlandú lena raibh coinne[35].

I mí Iúil 2020, tugadh isteach dhá bheart nua chun cuidiú le hearnálacha na dtorthaí, na nglasraí agus an fhíona déileáil le tionchair na paindéime. Leis an gcéad bheart d’Airteagal 219 tugadh isteach solúbthachtaí breise do na cláir oibríochtúla agus tacaíochta sa dá earnáil. In earnáil an fhíona, d’fhéadfadh táirgeoirí, faoi choinníollacha áirithe,

[31] IO L 140, 4.5.2020, lch. 1.
[32] IO L 140, 4.5.2020, lch. 37.
[33] In 2020 bhí an dá chlár fós faoi rialú Rialachán CEM.
[34] IO L 140, 4.5.2020, lch. 6.
[35] IO L 140, 4.5.2020, lch. 46.

réamhíocaíochtaí cothrom le 100 % i dtacaíocht an Aontais a iarraidh freisin le haghaidh driogadh éigeandála fíona agus stóráil fíona le linn géarchéime fíona araon, chun a sreabhadh airgid laghdaithe a mhaolú[36].

Tugadh dara beart isteach de bhun Airteagal 222, agus ba é b'aidhm dó aghaidh a thabhairt ar an míchothromaíocht thromchúiseach sa mhargadh in earnáil an fhíona, ina raibh tomhaltas agus onnmhairí ag titim an tráth céanna a bhí méideanna móra fíona á stóráil. Ceadaíodh leis d'fheirmeoirí, POnna aitheanta agus eagraíochtaí idirchraoibhe comhaontuithe a thabhairt i gcrích agus cinntí coiteanna a dhéanamh maidir le táirgeadh, claochlú, próiseáil, stóráil agus gníomhaíochtaí cur chun cinn[37].

Mar aitheantas nár tháinig feabhas ar an staid in earnáil an fhíona d'ainneoin na mbeart roimhe sin, glacadh dhá bheart d'Airteagal 219 i mí Eanáir agus mí Mheán Fómhair 2021, lenar cuireadh fad leis na maoluithe a glacadh roimhe sin agus lena ndearnadh foráil maidir le solúbthacht bhreise chun tacú le hárachas buainte[38].

*3.2.3 Earnálacha eile*

Bhí tréimhse míchothromaíochta sa mhargadh ag earnálacha na bprátaí, na bplandaí beo agus na mbláthanna le linn dhianghlasálacha COVID-19 mar gheall ar laghduithe géara ar an éileamh agus ar phraghsanna, infhaighteacht theoranta saothair agus costais iompair a bhí níos airde.

Chun tacú le táirgeoirí, glacadh dhá bheart d'Airteagal 222 i mí Aibreáin 2020, lenar ceadaíodh d'fheirmeoirí agus POnna aitheanta comhaontuithe a thabhairt i gcrích agus cinntí comhchoiteanna a dhéanamh ar, mar shampla, aistarraingtí ón margadh, dáileadh saor in aisce, cur chun cinn, agus pleanáil shealadach táirgthe[39].

### 3.3 An cogadh san Úcráin agus forbairtí margaidh ina dhiaidh sin

Mar iarmhairt ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, bhí géarbhagairt suaite i margadh an Aontais mar gheall ar arduithe móra praghsanna le haghaidh grán agus ionchur (go háirithe fuinneamh agus leasacháin) agus mar gheall ar shuaití trádála. Chun na bagairtí sin a chomhrac, glacadh beart d'Airteagal 219 i mí an Mhárta 2022 lenar soláthraíodh cabhair eisceachtúil shealadach d'fheirmeoirí a bhí gníomhach sna hearnálacha uile má ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí a bhí ag cur le slándáil bia nó lenar tugadh aghaidh ar mhíchothromaíochtaí sa mhargadh. Cuireadh EUR 500 milliún san iomlán ar fáil agus leithdháileadh é ar na Ballstáit bunaithe ar a n-uasteorainneacha d'íocaíochtaí díreacha. Bhí saoirse ag na Ballstáit an earnáil (na hearnálacha) is tairbhí a roghnú chun tacú leis na táirgeoirí dar bhain an chailliúint is mó. Ceadaíodh tacaíocht bhreise de suas le 200 % freisin[40].

Glacadh beart d'Airteagal 219 i mí Iúil 2022 freisin chun tacú le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí. Ceadaíodh leis maoluithe ar na teorainneacha caiteachais ar bhearta bainistithe agus coiscthe géarchéime agus méadaíodh leis an sciar de chúnamh airgeadais an Aontais le haghaidh cistí oibríochtúla náisiúnta san earnáil[41].

[36] IO L 300, 14.9.2020, lch. 26.
[37] IO L 215, 7.7.2020, lch. 13.
[38] IO L 31, 29.1.2021, lch. 198; IO L 415, 22.11.2021, lch. 1.
[39] IO L 140, 4.5.2020, lch. 13; IO L 140, 4.5.2020, lch. 17.
[40] IO L 96, 24.3.2022, lch. 4.
[41] IO L 189, 18.7.2022, lch. 1.

Mar gheall ar an méadú a tháinig ar allmhairí gránach agus olashíolta ón Úcráin chuig Ballstáit an Aontais atá gar do theorainn na hÚcráine, áiteanna inar forbraíodh conairí trádála a thugtar 'Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin' orthu, rinneadh difear d'fheirmeoirí áitiúla. I réigiúin áirithe den Aontas, bhí na hallmhairí breise ina gcúis le rósholáthar intíre, bhí praghsanna áitiúla faoi chois mar gheall orthu, nó sáithíodh slabhraí lóistíochta dá bharr sin. Mar aitheantas ar na fadhbanna sin, glacadh beart d'Airteagal 221 i mí Aibreáin 2023. Leithdháileadh EUR 56 mhilliún chun tacú leis na feirmeoirí is mó dá ndéantar difear leis an méadú ar allmhairí gránach agus olashíolta ón Úcráin sa Bhulgáir, sa Pholainn agus sa Rómáin. Ceadaíodh tacaíocht bhreise náisiúnta de suas le 100 %[42].

I bhfianaise mhéid an tionchair dhiúltaigh ag an méadú ar allmhairí gránach agus olashíolta ón Úcráin chuig an mBulgáir, chuig an Ungáir, chuig an bPolainn, chuig an Rómáin agus chuig an tSlóvaic, glacadh dara beart d'Airteagal 221 i mí an Mheithimh 2023. Leis an dara beart leathnaíodh an ceann roimhe sin le EUR 100 milliún a cuireadh ar fáil chun tacú le feirmeoirí a tháirgeann gránaigh shonracha agus olashíolta sonracha [Iarscríbhinn 1] sna cúig thír. Ceadaíodh tacaíocht bhreise náisiúnta de suas le 200 %[43].

I lár 2023, tugadh laghdú tapa ar phraghsanna le haghaidh roinnt táirgí talmhaíochta faoi deara, i gcomhthéacs costais ionchuir arda, boilsciú ard i bpraghsanna bia agus éileamh tomhaltóirí laghdaithe. Bhí tionchar diúltach suntasach ag na himthosca sin ar earnálacha talmhaíochta éagsúla san Aontas agus chruthaigh siad fadhbanna leachtachta d'fheirmeoirí, taobh amuigh dóibh siúd a braitheadh sna cúig Bhallstát túslíne a bhain leas as tacaíocht roimhe sin.

Glacadh beart d'Airteagal 221 i mí Iúil 2023 freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha a tugadh faoi deara i roinnt earnálacha amhail na hearnálacha ainmhithe, torthaí agus glasraí, fíona, gránach agus olashíolta. Foráiltear leis an mbeart tacaíocht éigeandála le haghaidh feirmeoirí sna hearnálacha talmhaíochta is mó dá ndearnadh difear sna 22 Bhallstát nár bhain tairbhe as an dá bheart d'Airteagal 221 roimhe sin. Cuireadh EUR 330 milliún san iomlán ar fáil. Ceanglaíodh ar na Ballstát spriocdhíriú ar na feirmeoirí sna hearnálacha is mó dá ndearnadh difear, agus d'fhéadfaidís tacaíocht a dheonú d'oibríochtaí driogtha éigeandála le haghaidh fíona thar na leithdháiltí seasta sna cláir náisiúnta tacaíochta. Ceadaíodh tacaíocht bhreise náisiúnta de suas le 200 %[44].

An tráth céanna, chun cur i gcoinne bagairt míchothromaíochtaí sa mhargadh sa todhchaí in earnáil an fhíona le teacht na buainte nua, glacadh beart d'Airteagal 219 i mí an Mheithimh 2023 lena gceadaítear do na Ballstáit cuid de na hacmhainní airgeadais laistigh dá gcláir náisiúnta tacaíochta a atreorú chun tacaíocht a sholáthar a bheadh curtha in oiriúint dá n-imthosca sonracha. Ceadaíodh tacaíocht do dhriogadh éigeandála fíona faoi choinníollacha sonracha, chomh maith le maoluithe ar fhorálacha CEM agus ranníocaíochtaí airgeadais méadaithe ón Aontas le haghaidh cineálacha éagsúla beart earnála[45].

### 3.4 Teagmhais adhaimsire agus tubaistí nádúrtha

Chomh luath le 2015, aithníodh na tionchair dhiúltacha ar mhargaí a bhíonn ag dálaí drochaimsire mar cheann de na tosca a chuireann le míchothromaíocht idir an soláthar agus

[42] IO L 96, 5.4.2023, lch. 80.
[43] IO L 168, 3.7.2023, lch. 22.
[44] IO L 180, 17.7.2023, lch. 21.
[45] IO L 160, 26.6.2023, lch. 12.

an t-éileamh in earnáil an bheostoic toisc gur tháinig an ganntanas barra beatha agus féarthailte as an triomach le linn an tsamhraidh in 2015[46].

Tar éis crith talún a bhuail lár na hIodáile i mí Lúnasa 2016, leasaíodh an beart d'Airteagal 219, a glacadh in 2016, lena ndeonaítear cabhair choigeartúcháin eisceachtúil d'fheirmeoirí beostoic, in 2017. Chun cabhrú le cúiteamh as na caillteanais a bhain d'fheirmeoirí beostoic sna réigiúin a bhí buailte, ceadaíodh don Iodáil tacaíocht náisiúnta bhreise a dheonú suas le 200 %[47].

Mar gheall ar dhálaí aimsire neamhghnácha nach bhfacthas roimhe sin, is é sin báistí troma agus tuilte lena ndearnadh difear dá dtalamh arúil, glacadh beart d'Airteagal 221 i mí Eanáir 2018 chun tacú le feirmeoirí sa Liotuáin, sa Laitvia, san Eastóin agus san Fhionlainn. Ba é b'aidhm don bheart cúiteamh a thabhairt do na feirmeoirí is mó dá ndearnadh difear leis an mbáisteach agus na tuilte, agus a raibh na caillteanais is mó acu ina dtalamh arúil maidir le cur sa gheimhreadh agus i mbuaint. Cinneadh leis an ngníomh cistí uasta an Aontais a bhí ar fáil le haghaidh gach tíre, ar mhéid iomlán EUR 15 mhilliún, agus ba iad na tíortha iad féin a chinn an líon heicteár incháilithe agus an méid ráta chomhréidh de chabhair in aghaidh an heicteáir. Ceadaíodh breisithe náisiúnta de suas le 100 %[48].

Ba é b'aidhm páirteach don bheart d'Airteagal 221 a glacadh i lár mhí Iúil 2023 aghaidh a thabhairt ar thionchair na dteagmhais adhaimsire freisin, amhail an triomach in earrach 2023 (a bhí an-ghéar i roinnt réigiún sa Spáinn, sa Phortaingéil agus san Iodáil go háirithe) agus na damáistí gaolmhara arna dtabhú ag táirgeoirí talmhaíochta[49].

Bhí tionchar diúltach sonrach ag na teagmhais mheitéareolaíochta dhíobhálacha thromchúiseacha ar tháirgeoirí torthaí, glasraí agus fíona, agus glacadh beart nua d'Airteagal 221 i mí Lúnasa 2023 dá bharr sin. Ceadaíodh leis an mbeart roinnt solúbthachtaí agus méadaíodh leis ranníocaíochtaí airgeadais an Aontais i gcur chun feidhme na gclár oibríochtúil le haghaidh POnna agus comhlachais POnna in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí. In earnáil an fhíona, chuir an beart síneadh le bailíocht údaruithe um plandú a bhí ag dul in éag in 2023 agus an tréimhse don ghrafadh. Tugadh isteach leis freisin solúbthachtaí maidir leis na bearta chun fíonghoirt a athstruchtúrú agus a aistriú, nár cuireadh chun feidhme ach go páirteach in 2023[50].

Ina dhiaidh sin in 2023, bhí tuilte agus sciorrthaí talún an-tromchúiseacha sa tSlóivéin, agus bhí falscaithe agus tuilte nach bhfacthas a leithéid roimhe sin in áiteanna sa Ghréig i mí Lúnasa agus mí Mheán Fómhair 2023. De thoradh na ndamáistí móra a rinneadh do tháirgeadh talmhaíochta de bharr na nguaiseacha nádúrtha sin, glacadh beart nua d'Airteagal 221 i mí na Nollag 2023, arb é is aidhm dó tacú le feirmeoirí a ndéantar difear dóibh. Leithdháileadh EUR 51.7 milliún ar an dá thír agus ceadaíodh breisiú náisiúnta de suas le 200 %.[51].

## 3.5 Galair ainmhithe

### *3.5.1 Fiabhras Afracach na muc*

Chun leathadh fhiabhras Afracach na muc (ASF) ina gcríocha a chosc, ghlac an Pholainn agus an Liotuáin bearta coisctheacha i mí Feabhra 2014 lenar cuireadh srianta ar mhuiceoil a

[46] Féach thuas, IO L 271, 16.10.2015, lch. 25.
[47] IO L 42, 18.2.2017, lch. 7.
[48] IO L 19, 24.1.2018, lch. 6.
[49] Féach thuas, IO L 180, 17.7.2023, lch. 21.
[50] IO L 199, 9.8.2023, lch. 96.
[51] IO L, 2023/2820, 18.12.2023, ELI: EUR-Lex - L_202302820 - GA - EUR-Lex (europa.eu)

mhargú sna limistéir a bhí buailte. Chuir an dá thír in iúl don Choimisiún ina dhiaidh sin go raibh laghduithe móra ar phraghsanna agus suaití sa mhargadh sna limistéir sin, mar thoradh ar na srianta sin. Mar thoradh air sin, glacadh dhá bheart d'Airteagal 220 i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2014, lenar údaraíodh don dá thír cabhair a sholáthar chun ainmhithe áirithe a mharú i dtréimhse réamhshainithe, agus faoi choinníollacha sonracha[52].

Mar fhreagairt ar ráigeanna nua ASF sa Pholainn as ar tháinig caillteanais do tháirgeoirí, glacadh beart d'Airteagal 220 i mí Aibreáin 2017. Ceadaíodh don Pholainn cabhair a dheonú do tháirgeoirí chun ainmhithe áirithe a mharú, faoi choinníollacha sonracha[53]. Deonaíodh cabhair eisceachtúil freisin faoi choinníollacha comhchosúla i mí Mheán Fómhair 2017 do ghabháltais bheaga muc le beart d'Airteagal 221 chun cosc a chur ar na gabháltais bheaga sin a bheith ag scoir den táirgeadh agus an costas a bhain le comhlíonadh na mbeart náisiúnta a mhaolú dóibh[54].

*3.5.2 Fliú éanúil*

Idir 2014 agus 2023, tharla roinnt ráigeanna den fhliú éanúil san Eoraip, lena n-áirítear san Iodáil, sa Fhrainc agus sa Pholainn. Le himeacht ama, chuir na trí thír in iúl don Choimisiún, i ngeall ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun leathadh an ghalair a shrianadh agus a dhíothú, gur bhain caillteanais ioncaim, nach raibh incháilithe do ranníocaíochtaí airgeadais an Aontais faoi reachtaíocht an Aontais is infheidhme[55], d'oibreoirí in earnálacha na n-uibheacha agus na feola éanlaithe clóis. Mar thoradh air sin, ghlac an Coimisiún 11 bheart faoi Airteagal 220 idir mí Dheireadh Fómhair 2014 agus mí Lúnasa 2023, lena bhforáiltear páirtmhaoiniú an Aontais le haghaidh an chaiteachais arna thabhú ag na trí thír chun tacú go sealadach lena n-oibreoirí atá suite sna criosanna a rialáiltear leis na bearta náisiúnta, ar feadh tréimhsí ama ar leith, agus faoi réir iarratais incháilithe uathu a chur isteach bunaithe ar sheiceálacha *ex ante* ó na húdaráis náisiúnta. Leagtar síos na nithe seo a leanas sna bearta: (i) na speicis atá buailte; (ii) na huaschainníochtaí táirgí atá incháilithe do mhaoiniú; agus (iii) na méideanna ar ráta comhréidh de pháirtmhaoiniú agus na critéir a úsáidtear chun na méideanna sin a chinneadh (iroinnt cásanna, suas le huasleibhéil/uasmhéideanna seasta de pháirtmhaoiniú an Aontais). Ó bhí mí na Bealtaine 2014 ann, soiléiríodh leis na gníomhartha nár cheart caillteanais a tharla a chúiteamh le Státchabhair nó le hárachas; agus nár cheart ranníocaíocht airgeadais an Aontais a bheith faighte ag táirgeoirí le haghaidh na gcaillteanas céanna faoi Rialacháin ábhartha eile an Aontais[56].

**3.6 Eile**

Ar mhaithe le cobhsaíocht an mhargaidh (ar leibhéal an Aontais nó laistigh de na hearnálacha a ndearnadh difear dóibh), nó chun laghdú tapa ar tháirgeadh táirgí sonracha a sheachaint, glacadh trí bheart eisceachtúla eile d'Airteagal 221 chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sonracha.

Glacadh beart d'Airteagal 221 i mí Iúil 2019 chun cabhair eisceachtúil a sholáthar d'fheirmeoirí in earnáil na mairteola agus na laofheola in Éirinn. An rud ba chúis leis an mbeart ná an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, mar ba mhargadh onnmhairíochta suntasach í an Ríocht Aontaithe le

[52] IO L 95, 29.3.2014, lch. 24; IO L 125, 26.4.2014, lch. 64.
[53] IO L 92, 6.4.2017, lch. 41.
[54] IO L 234, 12.9.2017, lch. 1.
[55] Rialachán (AE) Uimh. 652/2014, a aisghaireadh le Rialachán (AE) 2021/690.
[56] IO L 295, 11.10.2014, lch. 51; IO L 126, 14.5.2016, lch. 63; IO L 43, 21.2.2017, lch. 196; IO L 46, 20.2.2018, lch. 1; IO L 255, 11.10.2018, lch. 1; IO L 255, 11.10.2018, lch. 7; IO L 206, 6.8.2019, lch. 12; IO L 273, 20.8.2020, lch. 1; IO L 317, 9.12.2022, lch. 56; IO L 105, 20.4.2023, lch. 2; IO L 202, 14.8.2023, lch. 8.

haghaidh mhairteoil agus laofheoil na hÉireann. Chun tacú le feirmeoirí lena dtáirgeadh a choigeartú agus margaí nua a aimsiú, leithdháileadh EUR 50 milliún san iomlán ar Éirinn chun tacú le feirmeoirí. Ceadaíodh breisithe náisiúnta de suas le 100 %[57].

Tugadh isteach maolú ar na scéimeanna tacaíochta in earnáil an fhíona le beart d'Airteagal 221 i mí Eanáir 2020. Ba é b'aidhm don bheart freagairt d'fhorchur dleachtanna allmhairiúcháin ag na Stáit Aontaithe ar fhíonta an Aontais ó thíortha áirithe, a ghlac na Stáit Aontaithe mar fhrithbheart ar fhóirdheontais an Aontais do Airbus agus tar éis cinneadh eadrána ón Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Ceadaíodh leis an mbeart cur chun feidhme níos solúbtha de bhearta cur chun cinn in earnáil an fhíona agus rátaí a bhí níos airde le haghaidh ranníocaíochtaí an Aontais[58].

Glacadh maoluithe ar na cláir oibríochtúla in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí san Iodáil i mí an Mhárta 2020 freisin, trí bheart d'Airteagal 221. Ba é b'aidhm don bheart tacú le POnna a ndearnadh difear dóibh ag fíniú na bhfrídí bréana i réigiúin áirithe na hIodáile agus cuidiú leo déileáil leis an lotnaid, ós rud é nárbh fhéidir aon bheart díothaithe a ghlacadh ar leibhéal an Aontais, faoi dhlí an Aontais is infheidhme. Méadaíodh na tairseacha le haghaidh chúnamh an Aontais maidir le bearta coiscthe géarchéime agus bearta bainistithe géarchéime chun na cuspóirí sin a bhaint amach[59].

## 4. Focal scoir

Léirítear leis na bearta a phléitear sa tuarascáil seo go soláthraítear solúbthacht leis an mbosca uirlisí maidir le bearta eisceachtúla a tugadh isteach le hathchóiriú 2013 chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha éagsúla géarchéimeanna. Dul chun cinn nach beag atá ann, dá bhrí sin, i gcomparáid leis an staid dhlíthiúil a bhí ann roimhe sin.

Ó thaobh na polaitíochta de, glactar go maith le bearta eisceachtúla go ginearálta. Deimhnítear é sin leis an tacaíocht leathan a léirítear agus na gníomhartha gaolmhara á moladh – nó tar éis iad a ghlacadh – ar leibhéal na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa, agus i nósanna imeachta coiste freisin. Léirítear dlúthpháirtíocht an Aontais agus na mBallstát le húsáid na mbeart eisceachtúil sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart machnamh a dhéanamh ar na barúlacha seo a leanas maidir leis an réasúnaíocht a bhaineann leis na bearta sin a ghlacadh, a gceapadh agus na gnéithe airgeadais a bhaineann leo.

### 4.1 Réasúnaíocht maidir le bearta eisceachtúla a ghlacadh

Glacadh bearta eisceachtúla chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí beartais soiléire, mar a léirítear in aithrisí na ngníomhartha, agus tugann siad aghaidh ar chásanna eisceachtúla a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar mhargaí talmhaíochta. Cuireadh na bearta sin chun feidhme i gcomhréir leis na cuspóirí beartais sin. Tugtar le fios le coincheap agus suíomh na mbeart eisceachtúil i Rialachán CEM gur modhanna iad ar cheart iad a úsáid go heisceachtúil mar fhreagairt ar chásanna atá an-dúshlánach, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do mhargaí talmhaíochta.

Léirítear le húsáid na mbeart eisceachtúil gur úsáideadh iad go príomha chun cuidiú le feirmeoirí i ndáil leis an damáiste a bhaineann dóibh mar thoradh ar shuaití sa mhargadh nó saincheisteanna maidir le sláinte plandaí nó ainmhithe. Chuidigh siad le feirmeoirí freisin, cé go raibh sé ar bhonn minicíochta níos lú, aghaidh a thabhairt ar thionchair dhiúltacha teagmhas adhaimsire ar a dtorthaí eacnamaíocha. I gcás praghsanna ísle, áirítear ar na huirlisí

[57] IO L 179, 3.7.2019, lch. 20.
[58] IO L 27, 31.1.2020, lch. 20.
[59] IO L 98, 31.3.2020, lch. 26.

breise a úsáideadh cabhair le haghaidh stóráil phríobháideach chun iarracht a dhéanamh bonn a chur faoi phraghsanna agus ceannacháin idirghabhála poiblí, mar a tharla in 2014-2016 i gcás SMP.

### 4.2 Dearadh na mbeart eisceachtúil agus gnéithe cur chun feidhme

Léirítear le speictream na mbeart eisceachtúil a glacadh go dtí seo, agus le héagsúlacht leathan imthosca a raibh na bearta sin mar fhreagairt orthu, gur minic a bhíonn suaití sa mhargadh de chineál iltoiseach agus dothuartha agus go mbíonn gá ann mar sin le freagairtí *ad hoc* agus spriocdhírithe.

Ar an iomlán, tá sé cruthaithe go bhfuil bearta eisceachtúla éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais páirtithe leasmhara maidir le géarchéimeanna a láimhseáil[60]. Le cur in úsáid tráthúil thacaíocht an Aontais, tugtar léiriú soiléir ar chúram na n-údarás poiblí, léirítear dlúthpháirtíocht Eorpach agus bíonn tionchair dhearfacha aige ar mheon an mhargaidh san earnáil talmhaíochta.

Mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) go ndéanfadh an Coimisiún paraiméadair agus critéir oibiachtúla *ex ante* a shainiú a bheadh mar thairseacha chun a chinneadh cén uair a tharlaíonn suaitheadh sa mhargadh, agus cén uair ba cheart beart eisceachtúil a spreagadh[61]. Mar sin féin, tá sé fíordheacair tairseacha *ex ante* spreagtha a shainiú i bhfianaise éagsúlacht na ngéarchéimeanna agus na dtionchar a bhaineann leo. Chuirfeadh sé srianta ar na bearta agus d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh sé cosc ar fhreagairtí a chur síos a bheadh in oiriúint do na staideanna éagsúla a bhíonn ag tarlú sna margaí talmhaíochta. In éagmais paraiméadair *ex ante*, níor cuireadh cosc ar lucht ceaptha beartas bearta a dhearadh atá bunaithe ar mheasúnú cúramach ar staid shonrach an mhargaidh atá idir lámha.

Sin ráite, tá luaite ag CIE i dtuarascálacha speisialta[62] saincheisteanna a bhaineann le róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann d'fheirmeoirí a bhaineann tairbhe as na bearta nó éifeachtaí marbhualaigh a bhaineann go páirteach le hiompraíocht 'baol morálta'. Cé nár cheart na rioscaí sin a ghannmheas, chuir an Coimisiún iad san áireamh ar bhonn méadaitheach i ndearadh na rialachán[63].

Ar an gcaoi chéanna, dreasachtaí d'fheirmeoirí chun a rioscaí féin a bhainistiú trí dhul i muinín cleachtas agranamaíoch inbhuanaithe agus pórúcháin beostoic, agus chun uirlisí agus straitéisí bainistithe riosca iomchuí a ghlacadh, lena n-áirítear iad sin atá dírithe ar dhéileáil le tubaistí nádúrtha atá ag tarlú ar bhonn méadaitheach le himeacht ama mar gheall ar an athrú aeráide, níor cheart na dreasachtaí sin a bhrú amach trí úsáid a bhaint as bearta eisceachtúla. Cé nach bhfuil sé de chuspóir ag an tuarascáil seo measúnú a dhéanamh ar roghanna ina leith sin (lena n-áirítear na roghanna a leagtar amach i Rialachán na bPleananna Straitéiseacha agus i bpleananna straitéiseacha CBT na mBallstát), léirítear inti an tábhacht a bhaineann le

[60] Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe, Feabhas a chur ar chosc géarchéimeanna agus ar chritéir agus ar straitéisí bainistíochta géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta – Tuarascáil chríochnaitheach, Oifig na bhFoilseachán, 2020, https://data.europa.eu/doi/10.2762/650110.
[61] Tuarascáil Speisialta CIE 23/2019: Cobhsú ioncam na bhfeirmeoirí: sraith chuimsitheach uirlisí, ach ní mór dul i ngleic le glacadh íseal ionstraimí agus le róchúiteamh, https://www.eca.europa.eu/en/publications?did=52395 agus Tuarascáil Speisialta CIE 11/2021: Tacaíocht eisceachtúil le haghaidh táirgeoirí bainne an Aontais in 2014–2016 - Acmhainneacht chun éifeachtúlacht amach anseo a fheabhsú, https://www.eca.europa.eu/en/publications?did=58807.
[62] Tuarascáil Speisialta CIE 23/2019 agus Tuarascáil Speisialta CIE 11/2021.
[63] Maidir le samplaí a bhí ann le déanaí, tá Rialachán 2023/1225, Rialachán 2023/1343 agus Rialachán 2023/1465.

comhleanúnachas beartais idir uirlisí éagsúla ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a áirithiú amach anseo.

Ó thaobh an chur chun feidhme de, le bearta a ghlactar de bhun Airteagal 222 CEM, déantar iarracht éifeacht mhaolaithe maidir le soláthar a bhaint amach nó soláthar a bhainistiú ag an gcéim táirgthe. Cé go bhfuil sé d'aidhm ag bearta den sórt sin cosc a chur ar chúiteamh *ex post* den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith níos costasaí mar gheall ar bhagairtí de shuaitheadh sa mhargadh, féadfaidh na bearta sin a bheith faoi réir dúshláin gníomhaíochta comhchoitinne. Léirítear le taithí gur féidir le himní maidir le saorthairbhiú a d'fhéadfadh a bheith ann bac a chur ar éifeachtacht Airteagal 222 de Rialachán CEM, nach bhfuil na comhaontuithe éigeantach faoi le haghaidh na bpáirtithe nach mian leo a bheith rannpháirteach.

### 4.3. Gnéithe airgeadais

Le bunú an 'cúlchiste talmhaíochta' in 2023 agus na socruithe maoiniúcháin difreáilte atá aige i gcomparáid leis an 'cúlchiste géarchéime' a bhí ann roimhe sin, déantar na acmhainní buiséadacha atá ar fáil le haghaidh bearta eisceachtúla níos intuartha. Le húsáid 'smacht airgeadais' chun an cúlchiste géarchéime a bhunú, cuireadh teorainn le tarraingteacht an chúlchiste géarchéime, toisc go raibh drogall ar na Ballstáit íocaíochtaí díreacha do na feirmeoirí uile a laghdú mar an 'praghas le híoc' as bearta eisceachtúla. Díríodh ar an mbuiséad a úsáid ar bhealach nach gcuirfeadh isteach ar íocaíochtaí díreacha. Ar an gcúis sin, maoiníodh bearta ó fhoinsí seachas an cúlchiste géarchéime i gcás inar féidir. Sin ráite, tháinig éiginnteacht faoin infhaighteacht leanúnach d'fhoinsí malartacha den sórt sin le haghaidh bearta eisceachtúla a mhaoiniú as brú ar bhuiséad an Aontais chomh maith le riachtanais a bhí in iomaíocht le chéile. Sháraigh cumraíocht bhuiséadach an chúlchiste talmhaíochta atá ann faoi láthair na srianta sin. Mar sin féin, d'ainneoin na solúbthachta méadaithe sin, tá an cúlchiste nua fós faoi réir bhliantúlacht bhuiséad an Aontais. Ag féachaint don mhéid mór tionchar agus damáistí arna nginiúint ag géarchéim mhargaidh nó tubaistí nádúrtha mórscála, tá an cúlchiste talmhaíochta, d'ainneoin a mhéid theoranta, ar cheann de na modhanna chun anchaoi na bhfeirmeoirí a mhaolú.

An taithí a fuarthas le húsáid na mbeart eisceachtúil, lena n-áirítear iad sin a mhaoinítear faoin gcúlchiste talmhaíochta nua, beidh sí ríthábhachtach maidir le bonn eolais a chur faoi smaointe beartais amach anseo. Maidir leis sin, déanfar scrúdú ar roghanna maidir le haghaidh a thabhairt ar easnaimh a d'fhéadfadh a bheith i ndearadh agus in úsáid na mbeart sin in ullmhú comhbheartais talmhaíochta tar éis 2027 amach anseo.